

Nóta Eolais

Na Rialacháin um Oidhreacht Stairiúil agus Seandálaíochta (Fógra faoi Sheilbh Taifead) 2024

Tá rialacháin curtha i bhfeidhm anois maidir le hoibriú níos imeachta fógra faoi alt 159(2) d'[*Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023*](#) (an tAcht).

Faoi alt [159\(2\)](#) den Acht, tá ionadaithe pearsanta an duine éagtha, nó leachtaitheoirí na cuideachta, faoi oibleagáid a chur in iúl don Aire go bhfuil taifid a cruthaíodh, nó réada a bailíodh, mar chuid de ghníomhaíocht cheadúnaithe ann, agus stóráiltear i suíomh áirithe iad.

Sa bhreis ar oibleagáidí atá leagtha amach thuas, sonraítear sna rialacháin sin an duine ar cheart fógra maidir le ‘Seilbh Taifead’ a dhéanamh daoibh, an modh lenar féidir fógra a dhéanamh agus an fhaisnéis nach mór a chur san áireamh san fhógra.

Tá téacs iomlán na rialachán, dar teideal “*Na Rialacháin maidir le hOidhreacht Stairiúil agus Seandálaíochta (Fógra faoi Sheilbh Taifead) 2024*”, a tháinig i bhfeidhm ar an 30 Meán Fómhair 2024, le fáil [anseo](#).

Chomh maith leis an gceanglas maidir le fógra, toirmisctear le forálacha eile d’alt 159 damáiste neamhúdairithe do thaifid nó do réada a cruthaíodh nó a bailíodh (de réir mar a bheidh) le linn gníomhaíochtaí ceadúnaithe den sórt sin agus a ndiúscairt. Le haghaidh faisnéise mionsonraithe faoi sin, féach ar an Nóta Eolais a eisíodh maidir leis sin, ar féidir a fhéachaint air [anseo](#).

Tabhair faoi deara le do thoil gur chun críocha faisnéise amháin a chuirtear an t-ábhar thuas ar fáil. Ní léirmhíniú dlí atá i gceist leis.

Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Deireadh Fómhair 2024